# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1432 ÓN gCOIMISIÚN

## an 1 Meán Fómhair 2021

## lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sreang agus dual sreinge réamhstrusála agus iarstrusála áirithe de chruach neamh-chóimhiotail (sreanga agus duail PSC) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) ó Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

### 1. NÓS IMEACHTA

#### 1.1. Athbhreithnithe a rinneadh cheana agus bearta atá i bhfeidhm

(1) Tar éis imscrúdú frithdhumpála ("an t-imscrúdú bunaidh"), d'fhorchuir an Chomhairle, trí bhíthin Rialachán (CE) Uimh. 383/2009 ón gComhairle ([2]), arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 986/2012 ([3]), dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sreang agus dual sreinge réamhstrusála agus iarstrusála áirithe de chruach neamh-chóimhiotail ("sreanga agus duail PSC") de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín").

(2) Is éard a bhí sna bearta ráta dleachta *ad valorem* 46,2 % cé is moite de Kiswire Qingdao, Ltd (0 %) mar aon le Ossen Innovation Materials Co. Joint Stock Company Ltd agus Ossen Jiujiang Steel Wire Cable Co. Ltd (31,1 % don dá cheann acu).

(3) Tar éis an chéad athbhreithnithe éaga de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, choimeád an Coimisiún na bearta i bhfeidhm trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/865 ([4]) arna leasú go deireanach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1382 ([5]).

#### 1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

(4) Tar éis fhoilsiú an fhógra maidir le dul in éag atá le tarlú ([6]) i dtaca leis na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm ar allmhairí sreang agus dual réamhstrusála agus iarstrusála ("PSC") de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín"), fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

(5) Chuir Seirbhís Faisnéise Struis na hEorpa an iarraidh isteach an 28 Feabhra 2020 ("ESIS" nó "an t-iarratasóir"), ar eagraíocht í a ionadaíonn breis agus 25 % de tháirgeacht iomlán PSC san Aontas.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 383/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a fhorchuirtear ar allmhairí sreang agus dual sreinge réamhstrusála agus iarstrusála áirithe de chruach neamh-chóimhiotail (sreanga agus duail PSC) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 118, 13.5.2009, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 986/2012 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2012 lena soiléirítear raon feidhme na ndleachtanna frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán (CE) Uimh. 383/2009 ar allmhairí sreang agus dual PSC áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 297, 26.10.2012, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/865 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sreang agus dual sreinge réamhstrusála agus iarstrusála áirithe de chruach neamh-chóimhiotail (sreanga agus duail PSC) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) ó Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (IO L 139, 5.6.2015, lch. 12).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1382 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2019 lena leasaítear Rialacháin áirithe agus lena bhforchuirtear bearta frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais ar tháirgí cruach áirithe atá faoi réir bearta coimirce (IO L 227, 3.9.2019. lch. 1).

([6]) Fógra maidir le dul in éag beart frithdhumpála áirithe atá le tarlú (IO C 322, 26.9.2019, lch. 5).

(6) Tá an iarraidh bunaithe ar an bhforas gur dócha go leanfar den dumpáil agus den díobháil do thionscal an Aontais nó go dtarlóidh siad arís de thoradh dhul in éag na mbeart.

(7) Tar éis don Choimisiún a chinneadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gur leor an fhianaise a bhí ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga an 4 Meitheamh 2020 maidir le hallmhairí sreang agus dual PSC de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([7]) ("an Fógra Tionscnaimh").

### 1.3. **Páirtithe leasmhara**

(8) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Sa bhreis air sin, chuir an Coimisiún in iúl don iarratasóir go sonrach, do tháirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, do tháirgeoirí onnmhairiúcháin, d'allmhaireoirí agus d'úsáideoirí san Aontas arb eol iad a bheith bainteach agus d'údaráis na Síne gur tionscnaíodh an t-athbhreithniú éaga agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(9) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara uile barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh.

### 1.4. **Sampláil**

(10) Ina Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go mb'fhéidir go samplálfadh sé na páirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

#### 1.4.1. *Sampláil na dtáirgeoirí de chuid an Aontais*

(11) Ina Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla ar bhonn na méideanna ionadaíocha is mó díolachán agus táirgeachta san Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse ama a bhí ar fáil, agus ionadaíocht an raoin gheografaigh á háirithiú chomh maith. Is éard a bhí sa sampla sin trí tháirgeoir de chuid an Aontais. Bhí na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais freagrach as 46 % den táirgeacht iomlán mheasta san Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt maidir leis an sampla sealadach ach ní bhfuair sé aon bharúil uathu. Dá bhrí sin, deimhníodh an sampla sealadach agus meastar gur sampla ionadaíoch é do thionscal an Aontais.

#### 1.4.2. *Sampláil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin agus na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara*

(12) Chun gur féidir leis an gCoimisiún a chinneadh an raibh gá le sampláil i leith na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín agus na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara san Aontas, iarradh ar na páirtithe sin iad féin a chur in aithne don Choimisiún agus an fhaisnéis arna hiarraidh san Fhógra Tionscnaimh a thabhairt dó. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú. Mar sin féin, ó tharla nár tháinig aon cheann de na páirtithe sin chun tosaigh, ní raibh gá le sampláil i leith na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ná i leith na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara. Ós rud é nárbh ann d'aon chomhoibriú ó tháirgeoirí na Síne, is ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán a rinneadh na torthaí maidir leis na hallmhairí ón tSín.

([7]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí sreang agus dual sreinge réamhstrusála agus iarstrusála áirithe de chruach neamh-chóimhiotail (sreanga agus duail PSC) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C 185, 4.6.2020, lch. 5).

### 1.5. **Ceistneoirí agus cuairteanna fíorúcháin**

(13) Chuir an Coimisiún ceistneoirí chuig na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus chuig Rialtas na Síne freisin. Na ceistneoirí sin mar aon leis na ceistneoirí do na hallmhaireoirí, na húsáideoirí agus na táirgeoirí onnmhairiúcháin, cuireadh ar fáil ar líne iad ([8]) freisin lá an tionscnaimh.

(14) Fuair an Coimisiún freagraí ar an gceistneoir ó na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais agus ón gcomhlachas de tháirgeoirí an Aontais freisin (ESIS).

(15) I bhfianaise ráig COVID-19 agus na mbeart gaibhniúcháin arna gcur i bhfeidhm ag Ballstáit éagsúla, níor fhéad an Coimisiún cuairteanna fíorúcháin a dhéanamh de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán. Ina ionad sin, rinne an Coimisiún cros-seiceáil go cianda ar an bhfaisnéis ar fad a mheastar a bheith riachtanach dá chinntí i gcomhréir lena Fhógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais ([9]). Rinne an Coimisiún cros-seiceáil chianda ar na táirgeoirí sampláilte seo a leanas de chuid an Aontais:

— D&D Drótáru Ipari és Kereskedelmi, Miskolc, an Ungáir;

— Nedri Spanstaal BV, Venlo, an Ísiltír;

— Global Special Steel Products SAU, Santander, an Spáinn.

### 1.6. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(16) An 5 Iúil 2021, nocht an Coimisiún na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha ar a bhfuil sé beartaithe aige na dleachtanna frithdhumpála a choinneáil ar bun. Tugadh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a dhéanamh maidir leis an nochtadh.

(17) Chuir an t-iarratasóir barúlacha isteach. Thug an Coimisiún aird chuí ar na barúlacha agus chuir sé san áireamh iad

### 1.7. **Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(18) An t-imscrúdú chun fáil amach an leanfar den dumpáil nó an dtarlóidh sí arís, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019 ("tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin"). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís, is imscrúdú é a chumhdaigh an tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go dtí deireadh thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ("an tréimhse faoi bhreathnú").

### 1.8. **Tarraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas**

(19) Tionscnaíodh an cás sin an 4 Meitheamh 2020, i.e. le linn na hidirthréimhse a comhaontaíodh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach ina raibh an Ríocht Aontaithe fós faoi réir dhlí an Aontais. Tháinig deireadh leis an idirthréimhse an 31 Nollaig 2020. Dá bhrí sin, ón 1 Eanáir 2021 i leith, ní raibh cuideachtaí ná comhlachais ón Ríocht Aontaithe i dteideal a bheith ina bpáirtithe leasmhara san imeacht seo a thuilleadh.

(20) Na hoibreoirí sa Ríocht Aontaithe a mheas go raibh siad fós i dteideal a bheith ina bpáirtithe leasmhara, d'iarr an Coimisiún orthu dul i dteagmháil leis i nóta a chuir sé leis an gcáschomhad an 18 Eanáir 2021. Níor tháinig aon chuideachta chun tosaigh.

(21) Ó tharla go raibh deireadh leis an idirthréimhse agus nach raibh an Ríocht Aontaithe faoi réir dhlí an Aontais a thuilleadh, chun go mbeadh an tacar sonraí a bailíodh ó na páirtithe leasmhara ag teacht leis an staid sin, iarradh ar na páirtithe leasmhara freagra a thabhairt ar cheistneoir athbhreithnithe ar bhonn AE27.

([8]) https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2457

([9]) Fógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais (IO C 86, 16.3.2020, lch. 6).

## 2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

### 2.1. An táirge faoi athbhreithniú

(22) Is éard atá sa táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo, sreang de chruach neamh-chóimhiotail gan a bheith plátáilte ná brataithe, sreang de chruach neamh-chóimhiotail agus é plátáilte nó brataithe le sinc, agus duail sreinge de chruach neamh-chóimhiotail, bíodh siad plátáilte nó brataithe nó ná bíodh, nach bhfuil níos mó ná 18 sreang iontu, ina bhfuil, de réir meáchain, 0,6 % nó níos mó de charbón, ag a bhfuil trastomhas trasghearrthach uasta is mó ná 3 mm, a thagann faoi láthair faoi chóid AC ex 7217 10 90, ex 7217 20 90, ex 7312 10 61, ex 7312 10 65 agus ex 7312 10 69 (cóid TARIC 7217 10 90 10, 7217 20 90 10, 7312 10 61 91, 7312 10 65 91 agus 7312 10 69 91) ("an táirge faoi athbhreithniú"). Duail sreinge ghalbhánaithe de sheacht ndual (gan aon ábhar brataithe breise a bheith orthu) inarb ionann trastomhas an duail lárnaigh agus trastomhas aon cheann de na sé dhual eile, sin nó nach bhfuil an dual lárnach os cionn 3 % níos mó ná aon cheann de thrastomhais na sé dhual eile, ní chumhdaítear na duail sin leis na bearta atá i bhfeidhm agus níl siad faoi réir an athbhreithnithe seo ([10]).

(23) An táirge faoi athbhreithniú, is rud é is mó a úsáidtear mar threisiú coincréiteach san earnáil tógála ach is féidir é a fháil in eilimintí crochta agus i ndroichid staghcáblaí freisin. Is rud é a thairgtear as slata sreinge de chruach ardcharbóin, iad glanta, tarraingthe agus téite, agus — i gcás dual — casta le chéile ar bhealach bíse chun saintréithe sonracha trastomhais, friotaíochta agus cobhsaíochta a bhaint amach.

### 2.2. An táirge comhchosúil

(24) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha agus ceimiceacha agus na húsáidí bunúsacha atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne;

— an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre na Síne;

— an táirge a dhéanann tionscal an Aontais a tháirgeadh agus a dhíol san Aontas.

(25) Dá bhrí sin chinn an Coimisiún gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

## 3. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL NÓ GO dTARLÓIDH SÍ ARÍS

### 3.1. Réamhbharúlacha

(26) Le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, leanadh den táirge faoi athbhreithniú a allmhairiú ón tSín, cé go raibh na hallmhairí ar leibhéal i bhfad ní b'ísle ná mar a bhí siad le linn thréimhse imscrúdúcháin an chéad imscrúdaithe (i.e. ó mhí Eanáir 2007 go dtí mí na Nollag 2007). De réir staidreamh Comext (Eurostat), bhí thart ar 0,1 % de mhargadh an Aontais i gceist le hallmhairí PSC ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, le hais sciar 8,2 % den mhargadh le linn an imscrúdaithe bhunaidh. San athbhreithniú éaga a rinneadh roimhe seo, sonraíodh sciar íseal (0,1 %) den mhargadh freisin. I ndearbhthéarmaí, tháinig laghdú ollmhór ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ó bheagnach 86 918 tona le linn na chéad imscrúdaithe go dtí 99 dtona san athbhreithniú éaga roimhe seo agus 86 thona san athbhreithniú éaga reatha.

(27) Mar a luadh in aithris (12), níor chomhoibrigh aon cheann de na honnmhaireoirí ná na táirgeoirí ó Dhaon-Phoblacht na Síne san imscrúdú. Dá bhrí sin, níor thug na táirgeoirí onnmhairiúcháin freagraí ar an gceistneoir, lena n-áirítear aon sonraí ar phraghsanna agus costais onnmhairí, praghsanna agus costais intíre, ídiú ionchur sa phróiseas táirgthe, forchostais mhonaraíochta, acmhainneacht, táirgeacht, infheistíochtaí, etc. Ar an gcaoi chéanna, níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin aghaidh ar an bhfianaise a bhí i gcomhad an cháis, lena n-áirítear an "Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála" ([11]) ("an Tuarascáil").

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 986/2012 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2012 lena soiléirítear raon feidhme na ndleachtanna frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán (CE) Uimh. 383/2009 ar allmhairí sreang agus dual PSC áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 297, 26.10.2012, lch. 1).

([11]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD(2017) 483 final/2.

(28) Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhoibriú, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí a bhaineann le Daon-Phoblacht na Síne. Níor cuireadh aon bharúil faoi bhráid an Choimisiúin.

(29) Dá bharr sin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den bhun-Rialachán, na torthaí i ndáil leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís, a mhéid a bhain leis Daon-Phoblacht na Síne, is ar bhonn na bhfíoras a bhí le fáil a bunaíodh iad, go háirithe an fhaisnéis san iarraidh ar an athbhreithniú éaga agus sna haighneachtaí ó na páirtithe leasmhara, i gcomhar le foinsí eile faisnéise, amhail staidreamh trádála maidir le hallmhairí agus onnmhairí (Eurostat agus GTA), agus ECFE ([12]), agus soláthraithe neamhspleácha faisnéise praghsála, nuachta, sonraí, anailíse agus comhdhálacha don tionscal iarainn agus cruach amhail Global Financials arna fhoilsiú ag Dun & Bradstreet ([13]) agus Global Trade Alert ([14]).

### 3.2. **Leanúint de dhumpáil na n-allmhairí le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin**

#### 3.2.1. *Nós imeachta um an ngnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán*

(30) Ós rud é gur leor an fhianaise a bhí ann tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú lena thaispeáint, maidir le Daon-Phoblacht na Síne, gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú maidir leis an tír sin ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(31) An fhaisnéis a mheas sé a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe maidir leis an saobhadh suntasach, chun an fhaisnéis sin a fháil, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Sa bhreis air sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a sholáthar maidir lena iomchuí atá sé Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, agus an méid sin a dhéanamh laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am.

(32) Shonraigh an Coimisiún freisin i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, gur de réir na faisnéise a bhí ar fáil dó, d'fhéadfadh an India a bheith ina tír shonrach don tSín sa chás seo. De bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, roghnaítear an tír ionadaíoch chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(33) An 18 Meán Fómhair 2020, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ("an Chéad Nóta") maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, chuir an Coimisiún liosta ar fáil de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a d'fhéadfaí a úsáid chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha (mar atá an Bhrasaíl, an Mhalaeisia agus an Tuirc). Fuair an Coimisiún barúlacha ón iarratasóir maidir leis an gCéad Nóta inar maíodh go mbeadh an Bhrasaíl i bhfad níos lú forbartha ná an tSín agus dá bhrí sin is lú a chomhlíonfadh sí an critéar sin ná an Tuirc ná an Mhalaeisia. Sa bhreis air sin, is cosúil nach bhfuil fáil éasca ar shonraí ábhartha neamhshaofa ó Rialtas na Brasaíle maidir le leictreachas, gás agus uisce. Ina theannta sin, thug an t-iarratasóir dá aire go raibh na sonraí a asbhaineadh ó GTA maidir le slat sreinge ag tagairt do chód 7213 10, ach ba iomchuí cód 7213 91. Dheimhnigh an Coimisiún go raibh cód HS 7213 91 ag comhfhreagairt do thosca táirgeachta na slat sreinge agus asbhain sé na sonraí le haghaidh chód HS 7213 91 ó GTA. De réir asbhaint nua na sonraí iompórtála seo, ba bhailí fós céadrogha an Choimisiún maidir le tír ionadaíoch fhéideartha. Sheas an gearánach lena sheasamh ón iarraidh ó thaobh an India a bheith ina tír ionadaíoch oiriúnach, ach níor chuir sé argóintí nua chun chinn mar sin féin. Níor moladh aon tír eile mar iarrthóir oiriúnach.

([12]) https://stats.oecd.org/Index.aspx?DataSetCode=CIF_FOB_ITIC
([13]) https://globalfinancials.com/index-admin.html
([14]) https://www.globaltradealert.org/

(34) An 21 Nollaig 2020, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta ("an Dara Nóta") maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurbh í an Tuirc an tír ionadaíoch. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go mbunódh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin ("costais SGA") agus an brabús ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil ó tháirgeoir amháin sa tír ionadaíoch – Celik Halat Vetel Sanayii A.S.. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an Dara Nóta.

3.2.2. *Gnáthluach*

(35) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí maidir leis an earnáil cruach sa tSín ([15]), rinne an Coimisiún amach gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú seo gur ar bhonn na fianaise ar bhí ar fáil, ba iomchuí freisin Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

(36) Sna himscrúduithe sin, rinne an Coimisiún amach gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([16]). Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur san earnáil cruach, arb í an príomh-amhábhar í chun an táirge faoi athbhreithniú a thairgeadh, ní hamháin go bhfuil cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne uirthi de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán ([17]), ach ina theannta sin, go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc, den bhun-Rialachán ([18]). Rinne an Coimisiún amach thairis sin go raibh éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreacht agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais agus ó thaobh soláthar amhábhar agus ionchur de freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne, fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([19]). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc, den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh i nDaon-Phoblacht na Síne ([20]). Ar an gcaoi chéanna, rinne an Coimisiún amach gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil cruach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc, den bhun-Rialachán ([21]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc, den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le gníomhaithe corparáideacha caipiteal a rochtain sa tSín ([22]).

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píopaí táite agus feadán táite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 an 7 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí leathán agus cornaí teorollta de chruach dhosmálta de thionscnamh na hIndinéise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine.

([16]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún, aithrisí 149-150, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún, aithrisí 158-159.

([17]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún, aithrisí 115-118, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún, aithrisí 122-127.

([18]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún, aithrisí 119-122, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún, aithrisí 128-132: An ceart atá ag údaráis ábhartha na Síne chun príomhphearsanra bainistíochta i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit a cheapadh nó a chur as a bpost, rud a fhoráiltear i reachtaíocht na Síne, cé gur féidir an ceart sin mheas mar cheart a léiríonn na cearta úinéireachta comhfhreagracha, ó tharla gur ann do chealla de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair stáit agus i bhfiontair phríobháideacha araon, is modh tábhachtach eile é sin trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Roimhe seo, ní léir gur cloíodh leis an gceanglas sin i gcónaí nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne, ar bhonn prionsabal polaitiúil, na héilimh atá aige ar chinntí gnó a bheith faoina smacht i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don "tírghrá" agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú chun go mbeadh an focal deiridh ag eagraíochtaí de chuid Pháirtí Cumannach na Síne maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí féin. Cuirtear na rialacha sin i bhfeidhm go ginearálta ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear i measc táirgeoirí a tháirgeann cornaí cruach dosmálta fuar-rollta agus soláthróirí na n-ionchur dóibh.

([19]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún, aithrisí 123-129, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún, aithrisí 133-138.

([20]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún, aithrisí 130-133, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún, aithrisí 139-142.

([21]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún, aithrisí 134-135, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún, aithrisí 143-144.

([22]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún, aithrisí 136-145, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún, aithrisí 145-154.

(37) Sa bhreis ar an Tuarascáil, thagair an t-iarratasóir do chleachtais a dhéanann difear do na costais agus na praghsanna in earnáil PSC agus san earnáil cruach (is príomhionchur i dtáirgeadh PSC iad slata sreinge de chruach):

— i measc na gcúig tháirgeoir cruach is mó sa tSín, is cuideachtaí faoi úinéireacht stáit iad ceithre cinn díobh agus, mar sin, bíonn na cuideachtaí sin ag feidhmiú faoi úinéireacht, faoi rialú agus faoi mhaoirseacht bheartais Rialtas na Síne;

— is ann do shaobhadh suntasach sa mhargadh cruach, lena n-áirítear treoirdhoiciméid amhail an 13ú Plean Cúig Bliana um Chruach, an Cinneadh Uimh. 40 ón gComhairle Stáit maidir le Cur Chun Cinn agus Cur Chun Feidhme "na bhForálacha Sealadacha maidir le Cur Chun Cinn Oiriúnú an Struchtúir Thionsclaíoch" ("Cinneadh Uimh. 40") agus an Chatalóg Threorach maidir le hOiriúnú an Struchtúir Thionsclaíoch;

— deimhníonn roinnt staidéir neamhspleácha gur ann do shaobhadh san earnáil cruach: Tuarascáil Tíre an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta Uimh. 17/248, Daon-Phoblacht na Síne, Saincheisteanna roghnaithe, dhá fhoilseachán ón gComhlachas Eorpach Tráchtála sa tSín: Monaraíocht sa tSín 2025 agus an Páipéar Seasaimh maidir le Gnó Eorpach sa tSín 2016/2017;

— ní torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad costais amhábhar agus fuinnimh i nDaon-Phoblacht na Síne toisc go ndéanann idirghabhálacha substaintiúla ón rialtais difear dóibh;

— táirgeoirí slat sreinge, arb iad an príomh-amhábhar iad chun PSC a tháirgeadh, baineann siad tairbhe as íasachtú fabhrach, toisc gur fiú i gcás na dtáirgeoirí a bhfuil fiachas suntasach fadtéarmach acu, is féidir leo brath ar an rialtas lárnach nó áitiúil chun tacaíocht airgeadais a thabhairt dóibh nuair is gá.

(38) Mar a tugadh le fios in aithris (28), níor chuir Rialtas na Síne barúlacha in iúl nó níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an gearánach maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás faoi chaibidil.

(39) Mar a rinneadh in imscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil cruach sa tSín, d'fhéach an Coimisiún lena fháil amach an iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí sa Tuarascáil ar rud é a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú. Chuir an Coimisiún leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne, mar a fuarthas amach freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

(40) Go sonrach, is ann do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne san earnáil cruach, arb í an príomh-amhábhar í chun PSC a tháirgeadh. Tá roinnt de na táirgeoirí is mó faoi úinéireacht an Stáit. Tagraítear go sonrach do chuid díobh sin in "an Plean maidir le hOiriúnú agus Uasghrádú an Tionscail Cruach do 2016-2020". Mar shampla, luann Shanxi Taiyuan Iron & Steel Co. Ltd. ("Tisco"), cuideachta Shíneach atá faoi úinéireacht stáit, ar a shuíomh gréasáin gur "mórchuideachta iarainn agus cruach" atá ann "a d'fhorbair ina chóras ollmhór iarainn agus cruach ar mhórscála, atá comhtháite le gnó na mianadóireachta iarainn, agus le táirgeadh, próiseáil, seachadadh agus trádáil iarainn agus cruach ([23])". Mórchuideachta Shíneach eile atá faoi úinéireacht stáit is ea Baosteel atá i mbun monarú cruach agus atá ina chuid de China Baowu Steel Group Co. Ltd., cuideachta a comhdhlúthaíodh le déanaí (ar a dtugtaí Baosteel Group agus Wuhan Iron & Steel roimhe seo) ([24]). Cé go meastar go bhfuil an deighilt ainmniúil beagnach cothrom idir an líon cuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus an líon cuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach, as na cúig tháirgeoir cruach ón tSín a aicmítear sna 10 dtáirgeoir cruach is mó ar domhan, is cuideachtaí faoi úinéireacht stáit iad ceithre cinn díobh ([25]). An tráth céanna, cé nár bhain ach thart ar 36 % de tháirgeacht iomlán an tionscail in 2016 leis na 10 dtáirgeoir is mó, leag Rialtas na Síne sprioc amach sa bhliain chéanna chun idir 60 % agus 70 % den táirgeadh cruach a chomhdhlúthú thart ar 10 bhfiontar mhóra nó mar sin faoi 2025 ([26]). Chuir Rialtas na Síne an rún sin in iúl arís i mí Aibreáin 2019 agus é ag fógairt gur eisíodh treoirlínte

([23]) TISCO, "Próifíl na cuideachta", http://en.tisco.com.cn/CompanyProfile/20151027095855836705.html (an dáta deireanach ar breathnaíodh air 2 Márta 2020).

([24]) Baowu, "Próifíl na cuideachta", http://www.baowugroup.com/en/contents/5273/102759.html (an dáta deireanach ar breathnaíodh air 6 Bealtaine 2021).

([25]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 358: 51 % de chuideachtaí príobháideacha agus 49 % de chuideachtaí faoi úinéireacht stáit ó thaobh táirgeachta de, agus 44 % de chuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus 56 % de chuideachtaí príobháideacha ó thaobh acmhainneachta de.

([26]) Le fáil ar:
www.gov.cn/zhengce/content/2016-02/04/content_5039353.htm (an dáta deireanach ar breathnaíodh air 6 Bealtaine 2021); https://policycn.com/policy_ticker/higher-expectations-for-large-scale-steel-enterprise/?iframe=1&secret=c8uthafuthefra4e (an dáta deireanach ar breathnaíodh air an 6 Bealtaine 2021), agus
www.xinhuanet.com/english/2019-04/23/c_138001574.htm (an dáta deireanach ar breathnaíodh air 6 Bealtaine 2021).

maidir le comhdhlúthú an tionscail cruach ([27]). D'fhéadfadh sé gurb é atá i gceist leis an gcomhtháthú sin cumaisc éigeantacha na gcuideachtaí príobháideacha brabúsacha agus na gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit atá ag tearcfheidhmiú ([28]). Ó tharla nach bhfuarthas aon chomhoibriú ó onnmhaireoirí PSC sa tSín, níorbh fhéidir cóimheas cruinn tháirgeoirí PSC príobháideacha agus faoi úinéireacht stáit a dhearbhú.

(41) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht Stáit i bhfiontair de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc, den bhun-Rialachán, toisc an easpa comhair ó thaobh tháirgeoirí PSC, bhí sé dodhéanta a shuí arbh ann do ghaol pearsanta idir táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus Páirtí Cumannach na Síne. Mar sin féin, tá dlúthnasc idir roinnt táirgeoirí an phríomh-amhábhair chun PSC a tháirgeadh, eadhon an tslat sreinge, agus Páirtí Cumannach na Síne (CCP), amhail comhaltaí CCP i measc na bainistíochta sinsearaí nó i measc comhaltaí den bhord stiúrthóirí. Mar shampla, HBIS Group, Jiangsu Shagang, Anshan Iron and Steel Group, Baoshan (Baosteel) agus Shougang.

(42) Tá idir fhiontair phríobháideacha agus fhiontair phoiblí in earnáil na slaite sreinge, arb é an príomh-amhábhar é chun PSC a tháirgeadh, faoi réir maoirseacht bheartais agus treorú. Léiríonn na samplaí seo a leanas an treocht thuasluaite maidir le leibhéal méadaitheach idirghabhála ó Rialtas na Síne in earnáil na slaite sreinge. Déanann roinnt táirgeoirí slat sreinge gníomhaíochtaí neartaithe páirtí a chur i dtábhacht go sainráite ar a suíomh gréasáin, bíonn comhaltaí den pháirtí ar fhoireann bainistíochta na cuideachta, agus cuireann siad a gceangal le Páirtí Cumannach na Síne i dtábhacht. Léirigh an t-imscrúdú go mbíonn gníomhaíochtaí neartaithe páirtí ar siúl i measc roinnt táirgeoirí slat sreinge, lena n-áirítear HBIS Group (Hesteel), Jiangsu Shagang, Anshan Iron and Steel Group, Baoshan (Baosteel) agus Shougang.

(43) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm in earnáil PSC lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena ndéantar tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc, den bhun-Rialachán.

(44) Bíodh is gur tionscal speisialaithe é PSC agus nárbh fhéidir aon doiciméid bheartais shonracha ina raibh treoraíocht shonrach maidir le forbairt thionscal PSC a shainaithint san imscrúdú, baineann tionscal PSC tairbhe as treoir agus idirghabháil ón rialtas maidir leis an bpríomh-amhábhar chun PSC a tháirgeadh, mar atá cruach.

(45) Measann Rialtas na Síne gur príomhthionscal é an tionscal cruach ([29]). Deimhnítear é sin sna pleananna, treoracha agus doiciméid iomadúla eile atá dírithe ar an gcruach a eisítear ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach amhail "an Plean maidir le hOiriúnú agus Uasghrádú an Tionscail Cruach do 2016-2020", plean a bhí bailí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Sonraíodh sa Phlean sin gurb "earnáil bhunúsach thábhachtach de gheilleagar na Síne, cloch choirnéil náisiúnta" é an tionscal cruach ([30]). Na príomhchúraimí agus na cuspóirí a leagtar amach sa Phlean seo, cumhdaíonn siad gach gné d'fhorbairt an tionscail ([31]). An 13ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta ([32]), ar plean é ab infheidhme le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus atá beartaithe chun tacú le fiontair a tháirgeann cineálacha de tháirgí cruach ardchaighdeáin ([33]). Dírítear ann freisin ar cháilíocht, marthanacht agus iontaofacht táirge a bhaint amach trí thacú le cuideachtaí a mbíonn teicneolaíochtaí in úsáid acu a bhaineann le táirgeadh glan cruach, beacht-rollú, agus feabhas ar cháilíocht ([34]). In "Catalóg um Athstruchtúrú Tionscail a Threorú" (Leagan 2011) (Leasú 2013)' ([35]) ("an Chatalóg"), liostaítear an tionscal cruach mar thionscal spreagtha.

([27]) Le fáil ar http://www.xinhuanet.com/english/2019-04/23/c_138001574.htm (an dáta deireanach ar breathnaíodh air 6 Bealtaine 2021) agus http://www.jjckb.cn/2019-04/23/c_137999653.htm (an dáta deireanach ar breathnaíodh air 6 Bealtaine 2021).

([28]) Faoi mar a tharla i gcás an chumaisc idir Rizhao, cuideachta phríobháideach, agus Shandong Iron and Steel, cuideachta faoi úinéireacht stáit, in 2009. Féach an tuarascáil ar chruach Bhéising, lch. 58, agus an leas tromlaigh de China Baowu Steel Group a shealbhaigh Magang Steel i mí an Mheithimh 2019, féach https://www.ft.com/content/a7c93fae-85bc-11e9-a028-86cea8523dc2 (an dáta deireanach ar breathnaíodh air 6 Bealtaine 2021).

([29]) Tuarascáil, Cuid III, Caibidil 14, lch. 346 ff.

([30]) Réamhrá leis an bPlean maidir le hOiriúnú agus Uasghrádú an Tionscail Cruach.

([31]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 347.

([32]) An 13ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Dhaon-Phoblacht na Síne (2016-2020), le fáil ar https://en.ndrc.gov.cn/newsrelease_8232/201612/P020191101481868235378.pdf (a n dáta deireanach ar breathnaíodh air 6 Bealtaine 2021).

([33]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 349.

([34]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 352.

([35]) An Chatalóg um Athstruchtúrú Tionscail a Threorú (Leagan 2011) (Leasú 2013) arna eisiúint le hOrdú Uimh. 9 den Choimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú an 27 Márta 2011, agus arna leasú i gcomhréir le Cinneadh an Choimisiúin Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú maidir le Leasú na gClásal Ábhartha den Chatalóg um Athstruchtúrú Tionscail a Threorú (Leagan 2011) arna eisiúint le hOrdú Uimh. 21 ón gCoimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú an 16 Feabhra 2013.

(46) Mar is léir ó na samplaí thuasluaite maidir le cruach, ar amhábhar tábhachtach é a úsáidtear chun PSC a tháirgeadh, stiúrann Rialtas na Síne forbairt earnáil PSC i gcomhréir le réimse leathan uirlisí agus treoracha beartais agus rialaíonn sé beagnach gach gné d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála. Ar an gcaoi sin, baineann an tionscal PSC tairbhe as treoir agus idirghabháil ón rialtas maidir leis na príomh-amhábhair a úsáidtear i monarú PSC, mar atá cruach.

(47) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne ar mhaithe le hoibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a chomhlíonadh, ar beartais iad chun tacú le tionscail spreagtha, lena n-áirítear táirgeadh cruach, iarainn agus cóimhiotal feiriúil mar phríomh-amhábhair a úsáidtear chun PSC a mhonarú. Ní féidir fórsaí an mhargaidh oibriú mar is gnách i ngeall ar na bearta sin.

(48) Cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú easnamhach na ndlíthe féimheachta agus maoine de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc, den bhun-Rialachán, in earnáil PSC dá dtagraítear thuas in aithris (36), níor léirigh an t-imscrúdú aon fhianaise nach ndéanfadh an méid sin difear do mhonaróirí an táirge faoi athbhreithniú.

(49) Tá tionchar freisin ag saobhadh ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc, den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (36) freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi athbhreithniú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach (le linn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne) ([36]).

(50) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha a léirigh nach bhfuil earnáil PSC faoi thionchar ag idirghabháil ón rialtas san earnáil airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc, den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (36) freisin. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de bharr idirghabháil shubstainteach ón rialtas sa chóras airgeadais.

(51) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil réimse ionchur ag teastáil chun PSC a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí PSC na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, is lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa a fhostaíonn soláthraithe na n-ionchur. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht atá faoi réir an tsaofa san earnáil airgeadais nó i leithdháileadh caipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus gach earnáil.

(52) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre PSC a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) freisin toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna A agus B den Tuarascáil. Go deimhin, idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh caipitil, talamh, lucht saothair, fuinneamh agus amhábhair, is ann do na hidirghabhálacha sin ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur a táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne trí réimse tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

(53) Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.

(54) Mar achoimre, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léiríonn an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí ábhartha a liostaítear iontu. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhair ó Rialtas na Síne, chinn an Coimisiún nach bhfuil sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a bhunú sa chás seo. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a pléadh sa roinn a leanas.

([36]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún, aithrisí 134-135, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún, aithrisí 143-144.

(a) An tír ionadaíoch

(1) *Barúlacha ginearálta*

(55) Is ar na critéir seo a leanas a bunaíodh rogha na tíre ionadaíche de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá comhionann le leibhéal forbartha eacnamaíche Dhaon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([37]);

— Táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ([38]);

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch;

— I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha féideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, tugtar tús áite, i gcás inarb iomchuí, don tír inar leordhóthanach leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil atá inti.

(56) Mar a mhínítear in aithris (33) agus aithris (34), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta an 18 Meán Fómhair agus an 21 Nollaig 2020 a ghabhann leis an gcomhad faoi na foinsí chun an gnáthluach agus na tosca táirgeachta a chinneadh ("an Chéad Nóta" agus "an Dara Nóta"). Sa Dara Nóta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas i dtaobh a chonclúide gur tír ionadaíoch iomchuí í an Tuirc ag an gcéim seo den imscrúdú.

(2) *Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne*

(57) Sa Chéad Nóta, shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl, an Mhalaeisia, agus an Tuirc mar thíortha lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne de réir an Bhainc Dhomhanda, i.e. aicmíonn an Banc Domhanda iad go léir mar thíortha "ard-mheánioncaim" ar bhonn ollioncam náisiúnta.

(58) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an leibhéal forbartha eacnamaíche tar éis an nóta sin.

(3) *Táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír ionadaíoch*

(59) Sa Chéad Nóta, léirigh an Coimisiún gur sainaithníodh táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa Bhrasaíl, sa Mhalaeisia agus sa Tuirc. Mar sin féin, cuireadh an Mhalaeisia as an áireamh mar thír ionadaíoch fhéideartha toisc nár sainaithníodh ach aon táirgeoir amháin a tháirgeann an táirge faoi athbhreithniú inti agus léirigh sonraí airgeadais deireanacha an táirgeora sin a bhí ar fáil le haghaidh 2018 nach raibh ach brabús íosta aige a bhí gar do mheá ar mheá.

(4) *Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch*

(60) Maidir leis na tíortha a bhreithnítear agus a luaitear thuas, rinne an Coimisiún fíorú breise ar infhaighteacht na sonraí poiblí, agus go háirithe sonraí airgeadais poiblí ó tháirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú.

(61) Lorg an Coimisiún táirgeoirí PSC lena mbaineann sonraí airgeadais atá ar fáil go poiblí a bhféadfaí iad a úsáid chun méideanna neamhshaofa réasúnta a bhunú le haghaidh chostais SGA agus brabúis. Theorannaigh an Coimisiún an cuardach do chuideachtaí a raibh ráitis bhrabúis agus chaillteanais acu a bhí ar fáil go poiblí i gcomhair thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus a bhí ina gcuideachtaí brabúsacha sa tréimhse sin. Dá bhrí sin, níor cuimsíodh leis an Dara Nóta ach cuideachta amháin sa Bhrasaíl agus cuideachta amháin sa Tuirc.

(62) Ar bhonn cháilíocht agus mhionsonraí na sonraí airgeadais a bhí ar fáil go poiblí sa Bhrasaíl agus sa Tuirc, agus i bhfianaise infhaighteacht na dtagarmharcanna le haghaidh na dtosca táirgeachta, mheas an Coimisiún gur thír ionadaíoch iomchuí í an Tuirc. D'fhoilsigh an chuideachta Thurcach Celik Halat Vetel Sanayii AS a cuntais iniúchta a léiríonn an forchostas monaraíochta. Sa bhreis air sin, is léir ó na cuntais go dtagann sciar tábhachta dá láimhdeachas ó dhíolacháin an táirge faoi athbhreithniú. Níl an leibhéal mionsonraí sin ar fáil le haghaidh na cuideachta Brasaílí.

([37]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

([38]) Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír ina bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar féachaint ar tháirge a tháirgtear san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna agus an táirge faoi athbhreithniú.

(63) Rinne an Coimisiún anailís chúramach ar na sonraí ábhartha uile dá raibh ar fáil sa chomhad maidir leis na tosca táirgeachta sa Tuirc agus thug sé an méid a leanas dá aire:

— Rinne an Coimisiún anailís ar staitisticí maidir le hallmhairí slat sreinge a liostaítear sa Chéad Nóta, mar a thugtar cothrom le dáta iad leis an Dara Nóta, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh dóthain allmhairí slat sreinge ann chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin;

— Bhí staitisticí fuinneamh (praghsanna ar leictreachas agus ar ghás nádúrtha) le haghaidh thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ar fáil ó Institiúid Staidrimh na Tuirce ([39]);

— Bhí staitisticí maidir leis an gcostas saothair le fáil ar an suíomh gréasáin de chuid Institiúid Staidrimh na Tuirce ([40]).

(64) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, cuimseoidh an gnáthluach méid neamhshaofa agus réasúnta i gcomhair chostais SGA agus brabús. Mar a shonraítear in aithris (34), mheas an Coimisiún go raibh ráitis airgeadais a bhí ar fáil go poiblí ag an gcuideachta Thurcach a roghnaíodh (Celik Halat Vetel Sanayii AS) agus dá bhrí sin, d'fhéadfaí iad a úsáid mar ionadú chun méid neamhshaofa agus réasúnach a chinneadh i gcomhair chostais SGA agus brabús.

(5) *Leibhéal cosanta sóisialta agus comhshaoil*

(65) Tar éis don Choimisiún a shuí gur thír ionadaíoch iomchuí í an Tuirc ar bhonn na ngnéithe sin, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar an leibhéal cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt deiridh d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(6) *An chonclúid ar thír ionadaíoch*

(66) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Tuirc na critéir go léir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán, le go measfar í mar thír ionadaíoch iomchuí. Go háirithe, bhí an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh ar leibhéal leordhóthanach sa Tuirc agus bhí tacar iomlán sonraí ann maidir le gach toisc tháirgeachta, costais SGA agus brabús.

(b) Foinsí a úsáideadh chun costais neamhshaofa a bhunú

(67) Sa Dara Nóta, shonraigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé GTA chun an costas neamhshaofa a bhunú maidir le slata sreinge sa tír ionadaíoch.

(68) Shonraigh an Coimisiún lena chois sin go n-úsáidfí staitisticí na hOifige Idirnáisiúnta Saothair chun costais neamhshaofa saothair sa tír ionadaíoch a bhunú; agus go n-úsáidfí staitisticí náisiúnta, dá dtagraítear in aithris (63), chun costais neamhshaofa fuinnimh a bhunú. Ar deireadh, áfach, chun iad a ríomh bhain an Coimisiún úsáid as staitisticí náisiúnta na Tuirce maidir le costais saothair mar bhí siad níos mionsonraithe i ndiaidh an iomláin.

(69) Chuir an Coimisiún ar áireamh sa ríomh luach ar fhorchostais mhonaraíochta chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Chun an méid sin a bhunú, bhain sé úsáid as na sonraí airgeadais arna soláthar ag táirgeoirí comhoibríocha an Aontais a luaitear in aithris (15) thuas. Mínítear an mhodheolaíocht sin go hiomchuí i Roinn 3.2.2(e).

(70) Ar deireadh, mar a shonraítear sa Dara Nóta, bhain an Coimisiún úsáid as na sonraí airgeadais ón gcuideachta roghnaithe sa Tuirc, a liostaítear in aithris (64) chun costais SGA agus brabúis a bhunú.

(c) Costais agus tagarmharcanna neamhshaofa

(71) In éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín i nós imeachta an athbhreithnithe, b'éigean don Choimisiún brath ar thionscal an Aontais chun na tosca táirgeachta a úsáidtear i dtáirgeadh PSC a bhunú. Ar bhonn sonraí a bailíodh ó na cuideachtaí sa tSín sa chéad imscrúdú agus ar fhaisnéis atá ar fáil ar shuíomhanna gréasáin táirgeoirí PSC sa tSín, dealraíonn sé go bhfuil a bpróiseas táirgeachta agus na hábhair a úsáidtear cosúil leo siúd a sholáthair tionscal an Aontais.

([39]) https://data.tuik.gov.tr/Kategori/GetKategori?p=cevre-ve-enerji-103&dil=2

([40]) Tuarascáil maidir le hUaireanta oibre iarbhír agus meánchostais saothair mhíosúla de réir gníomhaíocht eacnamaíoch, 2012, 2016 arna fhoilsiú ar https://data.tuik.gov.tr/Search/Search?text=labour

(72) In éagmais comhoibriú, bhunaigh an Coimisiún an tagarmharc ar na cóid taraife is mionsonraithe chun teacht ar na tosca táirgeachta maidir le slata sreinge laistigh de chóid taraife na Tuirce de réir GTA.

(73) Ag féachaint don fhaisnéis go léir a sholáthair tionscal an Aontais agus don easpa barúlacha ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin ar an dá nóta maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a bhaineann leis na tosca táirgeachta a chinneadh, sainaithníodh na tosca táirgeachta agus na cóid taraife seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:

*Tábla 1*

**Tosca táirgeachta PSC**

| Toisc tháirgeachta | Cód Taraife na Tuirce | Foinse na sonraí | Luach aonaid neamhshaofa |
|---|---|---|---|
| **Amhábhar** | | | |
| Slat sreinge | 7213.91.410013, 7213.91.490013, 7213.91.701013, 7213.917090, 7213.9190 | GTA | 519,585 EURO/tona |
| **Saothar** | | | |
| Costais saothair phá san earnáil monaraíochta, NACE C.25 | [N/BH] | TÜİK - Veri Portalı (tuik.gov.tr) | 5,713 CNY/uair an chloig |
| **Fuinneamh** | | | |
| Banda leictreachais do thomhaltóirí 2 000 – 20 000 MWh/bliain) | [N/BH] | Institiúid staidrimh na Tuirce | 0,073 EURO/kWh |

(1) *Amhábhair*

(74) Chun praghsanna neamhshaofa ábhar mar a sheachadtar ag geata mhonarcha an táirgeora a bhunú mar a fhoráiltear le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, agus de bhrí nárbh ann d'aon táirgeoir comhoibritheach i nDaon-Phoblacht na Síne, bhain an Coimisiún úsáid as na praghsanna allmhairí isteach sa tír ionadaíoch le haghaidh gach ábhair a úsáidtear chun PSC a tháirgeadh.

(75) Maidir le gach amhábhar, bhí an Coimisiún ag brath ar phraghsanna allmhairí sa tír ionadaíoch. Cinneadh an praghas allmhairí sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe de phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan Daon-Phoblacht na Síne a áireamh. Chinn an Coimisiún na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid in aithris (54) nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairí.

(76) Níor áiríodh méideanna allmhairí sa tír ionadaíoch ó thíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([41]) ach oiread. Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh. Ní raibh tionchar suntasach ag an eisiamh sin toisc gurbh é a bhí sna hallmhairí a bhí fágtha níos mó ná 95 % d'iomlán na n-allmhairí a tháinig isteach sa tír ionadaíoch.

(77) Chun praghas neamhshaofa amhábhar, arna seachadadh ag geata mhonarcha an táirgeora onnmhairiúcháin mar a fhoráiltear in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán, a bhunú, chuir an Coimisiún dleacht allmhairí na tíre ionadaíche i bhfeidhm, ar na leibhéil faoi seach, ag brath ar thír thionscnaimh na hábhair allmhairithe.

([41]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33).

(2) *Saothar*

(78) Chun an tagarmharc do chostais saothair a bhunú, bhain an Coimisiún úsáid as staitisticí náisiúnta na Tuirce atá ar fáil go poiblí, lena gcuimsítear cánacha agus tobhaigh fostóirí.

(3) *Leictreachas*

(79) Chun an tagarmharc don leictreachas a bhunú, bhain an Coimisiún praghsanna leictreachais an tionscail de réir bandaí tomhaltais arna bhfoilsiú ar shuíomh gréasáin Oifig Staidrimh Náisiúnta na Tuirce.

(d) Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, agus brabúis

(80) Sa bhreis ar na tosca táirgeachta a bhfuil achoimre déanta orthu faoi aithris (73) thuas, ríomhadh forchostais mhonaraíochta, i.e. costais dhíreacha táirgeachta agus fóntais, dímheas agus forchostais eile déantúsaíochta. I bhfianaise na héagmaise comhoibrithe ó tháirgeoirí na Síne, bhí ríomh na bhforchostas monaraíochta sin bunaithe ar an gcóimheas d'fhorchostais mhonaraíochta arna roinnt ar chostais táirgeachta a thuairiscigh tionscal an Aontais, 7,87 %. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ar na costais mhonaraíochta neamhshaofa.

(81) Maidir le costais SGA agus brabús, bhain an Coimisiún úsáid as na sonraí airgeadais ón táirgeoir Turcach Celik Halat Vetel Sanayii AS a foilsíodh in Global Financials arna bhfoilsiú ag Dun & Bradstreet. Rinneadh cuntais iniúchta na cuideachta sin a bhí ar fáil go poiblí a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara mar cheangaltán leis an Dara Nóta.

(e) Ríomh an ghnáthluacha

(82) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh ar bhonn an phraghais dhírigh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(83) Ar an gcéad dul síos, bhunaigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais comhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair tionscal an Aontais ar thomhaltas gach toisce táirgeachta (amhábhair, lucht saothair agus fuinneamh) chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Rinneadh na méideanna tomhaltais sin a iolrú faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid arna bhunú sa Tuirc, faoi mar a thuairiscítear i Roinn (d) thuas.

(84) An dara rud, chun teacht ar na costais táirgeachta neamhshaofa, chuir an Coimisiún céatadán na bhforchostas monaraíochta arna gcinneadh mar a thuairiscítear in aithris (80) leis na costais mhonaraíochta neamhshaofa.

(85) Ar deireadh, i dteannta an chostais táirgeachta arna bhunú mar a thuairiscítear in aithris (84), chuir an Coimisiún na costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús chun feidhme sa tír ionadaíoch arna suí mar a mhínítear in aithris (81). Maidir leis na costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús arna sloinneadh mar chéatadán de chostais dhíreacha agus arna gcur chun feidhme maidir leis na costais táirgeachta neamhshaofa, b'ionann na costais sin agus an brabús agus 11,62 % agus 9,39 % faoi seach.

(86) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh ar bhonn an phraghais dhírigh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Mar gheall nár chomhoibrigh aon duine de na táirgeoirí onnmhairiúcháin, bunaíodh an gnáthluach ar bhonn lenar áiríodh an tír ar fad.

(f) Praghas onnmhairiúcháin

(87) Ós rud é go raibh méid na n-allmhairí atá i gceist an-teoranta, arb é a bhí iontu 86 thona i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, agus nach raibh iontu ach 0,34 % d'allmhairí an Aontais ina n-iomláine agus 0,02 % den sciar i margadh an Aontais, agus in éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin, measadh nach raibh praghsanna onnmhairiúcháin chuig an Aontas ionadaíoch. Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann aon chonclúid fhiúntach a dhéanamh maidir le cé acu a leanadh nó nár leanadh den dumpáil le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

3.3. **An dóchúlacht go dtarlódh an dumpáil arís dá ligfí na bearta dul in éag.**

(88) Rinne an Coimisiún imscrúdú breise ar an dóchúlacht go dtarlódh an dumpáil arís i gcás ina ligfí do na bearta dul in éag, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: an gaol idir praghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig tríú tíortha agus an gnáthluach arna ríomh don tSín, an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne, margaí eile a bheith ar fáil agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

(a) *Onnmhairí chuig tríú tíortha*

(89) Ar bhonn staitisticí allmhairí GTA, shainaithin an Coimisiún an dá allmhaireoir PSC ba mhó ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin: na hOileáin Fhilipíneacha agus an Chóiré Theas. Is é 39 % de thomhaltas an Aontais an méid a onnmhairítear chuig an dá mhargadh sin. Ós rud é gur mheas an Coimisiún sa deireadh nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tSín chun gnáthluach a bhunú sa chás seo, baineadh úsáid as an ngnáthluach ríofa don tSín, mar a chinntear i Roinn 3.2.2 thuas é, ina ionadú chun comparáid a dhéanamh le praghsanna onnmhairiúcháin PSC ón tSín chuig na príomhmhargaí sin. Léirigh an chomparáid sin gur onnmhairíodh PSC chuig tríú tíortha ar phraghsanna ar an meán 35 % níos ísle ná an gnáthluach ríofa don tSín, a bunaíodh ag EUR 756 in aghaidh an tona.

(b) *Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne*

(90) Mar gheall ar neamh-chomhoibriú Rialtas na Síne agus tháirgeoirí na Síne, bunaíodh an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil agus go háirithe ar bhonn na faisnéise a sholáthair an t-iarratasóir, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

(91) De réir an iarratasóra, sáraíonn an acmhainneacht táirgeachta i nDaon-Phoblacht na Síne na méideanna táirgeachta reatha agus an t-éileamh inmheánach reatha ar mhargadh na Síne go substaintiúil. Baineann na figiúirí a sholáthraítear in aithris (92) agus aithris (93) thíos le táirgeadh iomlán shreanga PSC.

(92) De réir na sonraí a sholáthraítear san iarraidh, is é a bhí i dtáirgeadh PSC laistigh de Dhaon-Phoblacht na Síne 3,6 milliún tona i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Tá moill mhór tagtha ar an bhfás ar éileamh na Síne le blianta beaga anuas, rud a léiríonn fás ar an meán thart ar 2 % le luaineachtaí arda, agus léiríonn sé fás diúltach in 2015 agus in 2018. Is ísle an meánfhás sin ná an méadú ar an táirgeadh sa tréimhse chéanna. I dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ba é [3,3-3,4 milliún tona] an t-éileamh ón tSín.

(93) De réir an iarratasóra, thart ar 2 mhilliún tona atá i gceist le hacmhainneacht táirgeachta bhreise an táirge faoi athbhreithniú i nDaon-Phoblacht na Síne. Ríomh an t-iarratasóir an acmhainneacht táirgeachta bhreise bunaithe ar an bhforbairt táirgeachta agus an acmhainneacht arna ríomh ar bhonn an athbhreithnithe dheireanaigh maidir le dul in éag san imeacht céanna ([42]). Ina theannta sin, luaigh an t-iarratasóir gur tháinig méadú mór ar tháirgeoirí PSC Síneacha go mór le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus go bhfuil siad ag leanúint de bheith ag cur lena n-acmhainneacht táirgthe, ar bhonn innéacs táirgeachta Síneach a cuireadh ar fáil i staidéar rúnda.

(94) Ar bhonn an mhéid thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh go bhfuil acmhainneachtaí breise suntasacha ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, a d'fhéadfaidís a úsáid chun PSC a tháirgeadh chun a onnmhairiú chuig an Aontas dá ligfí do na bearta dul in éag.

(c) *Infhaighteacht margaí eile*

(95) Tá réimse leathan beart cosanta trádála agus srianta allmhairí eile i bhfeidhm in aghaidh onnmhairí PSC ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad. De réir Global Trade Alert, e.g. cuirtear bearta frithdhumpála i bhfeidhm sa Bhrasaíl, i gCeanada, i dTaipei Síneach, sa Cholóim, i Meicsiceo, san Afraic Theas, sa Tuirc, san Úcráin, sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuirtear bearta frith-fhóirdheontais i bhfeidhm i dTaipei Síneach agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus cuirtear bearta coimirce i bhfeidhm sa tSile agus sa Ríocht Aontaithe. Ní hamháin go gcuirtear teorainn leis na bearta sin ar rochtain tháirgeoirí na Síne ar na margaí a liostaítear thuas ach deimhnítear leo cleachtais trádála éagothroma leanúnacha tháirgeoirí PSC na Síne.

([42]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/865 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sreang agus dual sreinge réamhstrusála agus iarstrusála áirithe de chruach neamh-chóimhiotail (sreanga agus duail PSC) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (IO L 139, 5.6.2015, lch. 12).

(96) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún sa deireadh, dá n-aisghairfí na bearta reatha, gur dócha go ndéanfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne onnmhairiú a athdhíriú ar an Aontas ar phraghsanna dumpáilte.

(d) *Tarraingteacht mhargadh an Aontais*

(97) De réir shonraí GTA, d'onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chuig a bpríomh-thríú margaí, an Chóiré Theas agus na hOileáin Fhilipíneacha, ar phraghsanna 20 % ní b'ísle i gcomparáid le meánphraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais (féach aithris (116)). Agus an difríocht sin sna leibhéil praghsanna a léirítear in aithris (158) á cur san áireamh, agus ós rud é go bhfuil rochtain ar mhargaí éagsúla eile teoranta ag bearta cosanta trádála mar a luaitear in aithris (95), is mór is tarraingteach é fós d'onnmhaireoirí na Síne na táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas.

(98) Tá margadh an Aontais tarraingteach do tháirgeoirí na Síne freisin i bhfianaise a mhéide, le tomhaltas iomlán de bhreis is 538 344 thona.

(e) *Conclúid maidir leis an dóchúlacht go dtarlódh an dumpáil arís*

(99) I bhfianaise an mhéid thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh, beag beann ar cibé acu arbh ann don dumpáil le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin nó nárbh ann, gur dócha go dtarlódh an dumpáil arís ó allmhairí na Síne i dtreo an Aontais dá rachadh na bearta in éag.

### 3.4. **Conclúid fhoriomlán maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil nó go dtarlódh sí arís**

(100) Cé nár thug an t-imscrúdú aon chonclúid ar lean allmhairí na Síne de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais ar phraghsanna dumpáilte le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, ní fhágann sé sin gur féidir a mheas nach dtosódh cleachtais phraghsála éagothroma tháirgeoirí PSC na Síne arís dá rachadh na bearta in éag.

(101) Agus méideanna substaintiúla na n-onnmhairí chuig an Chóiré Theas agus na hOileáin Fhilipíneacha á gcur san áireamh (ó 211 000 tona i gcomparáid le méid bheag de 86 thona a onnmhairítear chuig an Aontas), meastar go bhfuil praghsanna na n-onnmhairí sin chuig tríú tíortha níos ionadaíche chun cleachtais dumpála féideartha a bhunú. Deimhnítear cleachtais phraghsála éagothroma leanúnacha freisin leis na bearta cosanta trádála éagsúla atá i bhfeidhm in aghaidh onnmhairí PSC na Síne i dtíortha eile.

(102) Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar fhianaise eile gur dhócha go dtosófaí arís ar dhumpáil dá rachadh na bearta in éag.

(103) Tá an acmhainneacht bhreise gan úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne an-suntasach agus tá breis is a thrí oiread de thomhaltas iomlán an Aontais Le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin i gceist leis an acmhainneacht sin.

(104) Ar deireadh, léirítear le tarraingteacht mhargadh an Aontais i dtéarmaí méide agus praghsanna, agus ós rud é go bhfuil margaí eile fós dúnta mar gheall ar bhearta cosanta trádála, gur dhócha go ndéanfaí onnmhairí na Síne a dhíriú/athdhíriú ar an Aontas, dá ligfí do na bearta dul in éag.

(105) Dá dheasca sin, mheas an Coimisiún sa deireadh gur dhócha go dtarlódh an dumpáil arís, mura gcuirfí síneadh leis na bearta.

## 4. **AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAÍ DEN DÍOBHÁÍL NÓ GO dTARLÓDH SÍ ARÍS**

### 4.1. **Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(106) Le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, bhí an táirge comhchosúil á thairgeadh ag 18 dtáirgeoir aitheanta san Aontas. Is iad "tionscal an Aontais" iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

### 4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(107) Bhunaigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais trí dhíolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais a chur leis na hallmhairí ón tSín agus ó thríú tíortha eile trí úsáid a bhaint as sonraí Eurostat ar leibhéal an chóid TARIC (taraif chomhtháite an Aontais Eorpaigh).

(108) Ar an mbonn sin, is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais:

*Tábla 2*

**Tomhaltas an Aontais**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Tomhaltas an Aontais (tonaí) | 532 996 | 560 601 | 568 200 | 538 344 |
| *Innéacs (2016=100 %)* | *100* | *105* | *107* | *101* |

Foinse: Sonraí fíoraithe maidir le táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus sonraí tionscail, Eurostat (TARIC)

(109) Is í an ghníomhaíocht in earnáil na foirgníochta is mó a spreagann an t-éileamh ar PSC (príomhtháirge a chuirtear i bhfeidhm ar an táirge atá faoi athbhreithniú). Dá bhrí sin, léiríonn forbairt an éilimh ar an táirge atá faoi athbhreithniú treocht ghinearálta ar fud earnáil na foirgníochta.

(110) Tar éis roinnt téarnaimh in earnáil na foirgníochta san Eoraip, tháinig méadú thart ar 7 % ar thomhaltas an Aontais in 2018 i gcomparáid le 2016 ([43]). Tháinig laghdú 6 bpointe céatadáin ([44]) i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ina dhiaidh sin ar an méadú tomhaltais sin (mar gheall ar laghdú ar an éileamh freisin a bhaineann le tógáil túr gaoithe sa Ghearmáin ([45]), ar cuid mhór de thomhaltas PSC an Aontais é) agus dá thoradh sin, tháinig méadú beag 1 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(111) Tugtar faoi deara gur tháinig laghdú breise ar ghníomhaíocht na foirgníochta san Aontas faoi 7,8 % in 2020 i gcomparáid le tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus meastar go mbeidh téarnamh i ndán don earnáil go leibhéil tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin le haghaidh 2022 amháin (fás réamh-mheasta 4,1 % in 2021 agus 3,4 % in 2022) ([46]).

### 4.3. **Allmhairí ón tSín**

#### 4.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tSín*

*Tábla 3*

**Méid na n-allmhairí agus sciar den mhargadh**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin |
|---|---|---|---|---|
| An méid onnmhairí (tonaí) | 111 | 109 | 78 | 86 |
| Méid na n-allmhairí innéacsaithe (2016=100) | 100 | 99 | 71 | 78 |
| An sciar den mhargadh | 0,02 % | 0,02 % | 0,01 % | 0,02 % |

*Foinse: Eurostat (leibhéal TARIC)*

([43]) https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Construction_production_(volume)_index_overview

([44]) Tugtar faoi deara gur tháinig laghdú breise ar ghníomhaíocht na foirgníochta san Aontas faoi 7,8 % i gcomparáid le tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus meastar go mbeidh téarnamh i ndán don earnáil go leibhéil thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin le haghaidh 2022 amháin (fás réamh-mheasta 4,1 % in 2021 agus 3,4 % in 2022) – féach *PRESS RELEASE 90th EUROCONSTRUCT Conference Munich* [PREASRÁITEAS an 90ú Comhdháil EUROCONSTRUCT München], an 24 Samhain 2020 atá ar fáil ag https://euroconstruct.org/jart/prj3/wifo/data/uploads/euroconstruct/press/2020_90%20-%20EC%20Press%20Release%20Munich.pdf arna rochtain an 5 Feabhra 2021.

([45]) Féach https://www.cleanenergywire.org/factsheets/german-onshore-wind-power-output-business-and-perspectives

([46]) *PRESS RELEASE 90th EUROCONSTRUCT Conference Munich* [PREASRÁITEAS an 90ú Comhdháil EUROCONSTRUCT München], an 24 Samhain 2020 (féach https://euroconstruct.org/jart/prj3/wifo/data/uploads/euroconstruct/press/2020_90%20-%20EC%20Press%20Release%20Munich.pdf arna rochtain an 5 Feabhra 2021).

(112) Go bunúsach, chuir forchur na mbeart agus a n-athnuachan ina dhiaidh sin stop le sreabhadh allmhairí Síneacha sreanga agus duail PSC. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí líon na n-allmhairí ón tSín íseal, agus luaineachtaí idir 78 agus 111 tona ann, arb é atá i gceist leis an mhéid sin 0,01-0,02 % de sciar de mhargadh an Aontais. Ar mhaithe le comparáid, shroich allmhairí Síneacha 86 918 dtona (8 % de mhargadh an Aontais) le linn thréimhse imscrúdaithe an imscrúdaithe bhunaidh (2007) agus bhí laghdú ar na hallmhairí in 2010 cheana féin go 1 % de mhargadh an Aontais.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tSín*

(113) Níorbh fhéidir úsáid a bhaint as líon an-bheag díolachán an táirge atá faoi athbhreithniú ón tSín leis an Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin chun aon chonclúid fhiúntach a tharraingt suas.

(114) Dá bhrí sin, an praghas onnmhairiúcháin is dócha a bhí ann, bunaíodh é ar bhonn onnmhairí PSC ón tSín chuig tríú tíortha áirithe (féach aithris (97) thuas).

(115) Go sonrach, rinneadh comparáid idir praghsanna an táirge chomhchosúil a tháirgeann agus a dhíolann tionscal an Aontais agus praghsanna PSC a táirgeadh sa tSín agus a dhíoltar le tríú tíortha áirithe (an Chóiré Theas agus na hOileáin Fhilipíneacha), arna gcur in oiriúint do CIF ar leibhéal teorann an Aontais.

(116) Léirigh an chomparáid idir na praghsanna gur dócha gur suntasach an corrlach sladghearrtha 20,3 % a bhí ann.

4.4. **Allmhairí ó thríú tíortha eile**

(117) Tháinig forás ar mhéid, sciar margaidh agus praghsanna na n-allmhairí ó thríú tíortha eile mar a leanas:

*Tábla 4*

**Méid na n-allmhairí agus sciar den mhargadh ó thríú tíortha**

| Tír | | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniú-cháin |
|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán Tríú Tíortha gan an tSín a áireamh | Allmhairí (tonaí) | 30 460 | 25 937 | 31 064 | 25 500 |
| | Innéacs | 100 | 85 | 102 | 84 |
| | An sciar den mhargadh | 5,7 % | 4,6 % | 5,5 % | 4,7 % |
| | Praghas (€/tona) | 649 | 770 | 872 | 836 |
| | Innéacs (2016=100) | 100 | 119 | 134 | 129 |
| An Téalainn | Allmhairí (tonaí) | 3 965 | 5 174 | 9 972 | 11 337 |
| | An sciar den mhargadh | 0,7 % | 0,9 % | 1,8 % | 2,1 % |
| | Praghas (€/tona) | 607 | 700 | 859 | 759 |
| An Rúis | Allmhairí (tonaí) | 11 292 | 13 875 | 8 861 | 4 875 |
| | An sciar den mhargadh | 2,1 % | 2,5 % | 1,6 % | 0,9 % |
| | Praghas (€/tona) | 589 | 717 | 814 | 746 |
| An Chóiré Theas | Allmhairí (tonaí) | 12 600 | 2 457 | 3 942 | 3 968 |
| | An sciar den mhargadh | 2,4 % | 0,4 % | 0,7 % | 0,7 % |
| | Praghas (€/tona) | 608 | 835 | 896 | 905 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Tríú tíortha eile (gan an tSín, an Téalainn, an Chóiré Theas agus an Rúis a áireamh) | Allmhairí (tonaí) | 2 602 | 4 431 | 8 290 | 5 320 |
| | An sciar den mhargadh | 0,5 % | 0,8 % | 1,5 % | 1,0 % |
| | Praghas (€/tona) | 1 171 | 985 | 939 | 1 030 |

Foinse: Eurostat (leibhéal TARIC)

(118) Ar bhonn na sonraí a tuairiscíodh in Eurostat ar leibhéal TARIC, 25 500 tona i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin a bhí sna hallmhairí ó thríú tíortha eile. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí sciar an mhargaidh idir 4,6 % agus 5,7 % ag allmhairí tríú tír (gan an tSín a chur san áireamh). Le linn na tréimhse ar fad faoi bhreathnú, is é a bhí sna hallmhairí ón Téalainn agus ón Rúis níos mó ná 50 % de na hallmhairí foriomlána. Ar thíortha onnmhairiúcháin eile a chuireann cainníochtaí measartha allmhairí chuig an Aontas áiríodh an Úcráin, an Tuirc agus an Chóiré Theas.

(119) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí meánphraghas ualaithe na n-allmhairí ó thríú tíortha 5,2 % níos airde ar an meán ná meánphraghas táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais (féach Tábla 8), ar dócha go míneofaí leis cobhsaíocht an sciar den mhargadh allmhairí.

### 4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

#### 4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(120) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, chuimsigh an scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(121) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí a sholáthair Cumann Thionscal an Aontais (ESIS) agus i bhfreagraí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar an gceistneoir. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí uile de chuid an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí sna freagraí ceistneora ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí sampláilte uile de chuid an Aontais. Fuarthas amach go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch an tionscail de chuid an Aontais.

(122) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(123) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a thiomsú.

#### 4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

##### 4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(124) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 5*

**Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta na dtáirgeoirí de chuid an Aontais**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin |
|---|---|---|---|---|
| An méid táirgeachta (tonaí) | 640 180 | 687 215 | 678 242 | 658 922 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Innéacs (2016=100) | 100 | 107 | 106 | 103 |
| An méid táirgeachta (tonaí) | 838 776 | 850 085 | 866 952 | 946 481 |
| Innéacs (2016=100) | 100 | 101 | 103 | 113 |
| Úsáid acmhainneachta | 76 % | 81 % | 78 % | 70 % |

Foinse: Sonraí arna soláthar ag tionscal an Aontais agus i bhfreagraí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar an gceistneoir.

(125) Tháinig méadú 3 % ar tháirgeacht an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus lean, den chuid is mó, forbairt an tomhaltais (i.e. méadú 5-7 % in 2017-2018, agus titim i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ina dhiaidh sin) maidir leis an táirge atá faoi athbhreithniú i margadh an Aontais.

(126) Tháinig méadú 10 % ar an acmhainneacht táirgeachta i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin i gcomparáid le 2018 (méadú 13 % san iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú) mar gheall ar infheistíochtaí a rinne roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais (lena n-áirítear infheistíochtaí i línte táirgthe nua), ar bhonn threochtaí éilimh 2017-2018, nuair a bhí earnáil na tógála ag fás.

(127) Mar thoradh ar na hathruithe ar na táscairí thuas (i.e. méadú ar acmhainneacht táirgeachta ag dul thar an táirgeacht iarbhír), tháinig titim ar na leibhéil úsáide acmhainneachta. Cé go bhfuil siad inmharthana fós, tháinig laghdú ó 76 % go 70 % ar na leibhéil úsáide le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.2.2. Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

(128) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid díolachán thionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 6*

**An méid díolachán agus sciar margaidh táirgeoirí de chuid an Aontais**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Méid na ndíolachán san Aontas (tonaí) | 500 026 | 532 455 | 534 957 | 510 857 |
| Innéacs (2016=100) | 100 | 106 | 107 | 102 |
| An sciar den mhargadh | 94 % | 95 % | 94 % | 95 % |

Foinse: Sonraí arna soláthar ag tionscal an Aontais agus i bhfreagraí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar an gceistneoir.

(129) Tháinig méadú 2 % ar mhéid díolachán an táirge chomhchosúil le tionscal an Aontais le linn na tréimhse atá faoi bhreathnú i gcomhréir le forbairt an tomhaltais san Aontas.

(130) Bhí sciar margaidh thionscal an Aontais cobhsaí fós le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.2.3. Fás

(131) Idir 2016 agus tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, tháinig méadú 1 % ar thomhaltas an Aontais. Tháinig méadú 2 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais, rud a d'fhág go raibh sciar margaidh (95 %) beagán méadaithe i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, méadú 1 % i gcomparáid le 2016.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(132) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 7*

**Fostaíocht agus táirgiúlacht táirgeoirí de chuid an Aontais**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin |
|---|---|---|---|---|
| An líon fostaithe | 957 | 983 | 1 040 | 1 053 |
| Innéacs (2016=100) | 100 | 103 | 109 | 110 |
| Táirgiúlacht (tonaí/fostaí) | 669 | 699 | 652 | 626 |
| Innéacs (2016=100) | 100 | 104 | 98 | 94 |

Foinse: Sonraí arna soláthar ag tionscal an Aontais agus i bhfreagraí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar an gceistneoir.

(133) Tháinig laghdú 10 % ar an bhfhostaíocht i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar gheall ar an méadú níos moille ar tháirgeacht le linn na tréimhse sin, tháinig laghdú 6 % ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse céanna.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla cheana

(134) Mar a tugadh i gcrích in aithris (87), measadh nach raibh díolacháin onnmhairiúcháin ón tSín chuig an Aontas ionadaíoch don phraghas ná do na cainníochtaí. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí aon dumpáil a bhunú i margadh an Aontais le linn na tréimhse sin.

(135) Gan a bheith faoi bhrú na n-allmhairí dumpáilte ón tSín, d'éirigh le tionscal an Aontais na dúshláin a shárú a bhaineann le luaineachtaí éilimh agus praghsanna méadaitheacha ar na slata sreinge, príomh-amhábhar PSC. Mar sin féin, tá an tionscal fós leochaileach, mar a léirítear leis na leibhéil bhrabúis thart ar mheá-ar-mheá agus luaineacht ard an éilimh.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

(136) Tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola thionscal an Aontais le haghaidh custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas agus ar an aonad costais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 8*

**Meánphraghsanna díola san Aontas agus costas aonaid**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin |
|---|---|---|---|---|
| An meánphraghas díola aonaid san Aontas (€/tona) | 639 | 715 | 868 | 752 |
| Innéacs (2016=100) | 100 | 112 | 136 | 118 |
| Costas aonaid an táirgthe (€/tona) | 676 | 746 | 860 | 803 |
| Innéacs (2016=100) | 100 | 110 | 127 | 119 |

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneorí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(137) Tháinig méadú 18 % ar mheánphraghas díola aonaid thionscal an Aontais le haghaidh custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig méadú 36 % ar an bpraghas sealadach in 2018 i gcomparáid le 2016.

(138) Leis an bhforbairt a tháinig ar na praghsanna díola, den chuid is mó, léiríodh an méadú ar an gcostas táirgthe, go mór mór i gcostas na slat sreinge, an príomh-amhábhar a úsáidtear chun sreanga agus duail PSC a tháirgeadh. Léirítear leis an aisiompú beag sa treocht seo in 2019 go bhfuil praghsanna faoi bhrú mar gheall ar an éifeacht chomhcheangailte atá ag spealadh thomhaltas an Aontais.

4.5.3.2. Costais saothair

(139) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar na meánchostais saothair le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 9*

**Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (€/fostaí) | 39 592 | 40 377 | 41 721 | 42 371 |
| Innéacs (2016=100) | 100 | 102 | 105 | 107 |

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneorí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(140) Tháinig méadú 7 % ar mheánchostais saothair in aghaidh an fhostaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.3.3. Stoic

(141) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar leibhéal na stoc le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 10*

**Stoic**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Stoic deiridh (tonaí) | 8 871 | 10 597 | 9 827 | 9 096 |
| Innéacs (2016=100) | 100 | 119 | 111 | 103 |
| Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht | 3,0 % | 3,7 % | 3,5 % | 3,1 % |

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneorí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(142) Bhí leibhéal na stoc deiridh a bhí ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais fós cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ar ar tháinig méadú beag 3 %. I dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, bhí leibhéal na stoc thart ar 3 % dá dtáirgeacht. Mar a luaitear roimhe seo, léirítear cóimheas an-chothrom idir díolacháin agus táirgeacht na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú

(143) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí na dtáirgeoirí de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 11*

**An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán) | 2 % | 1 % | 6 % | - 1 % |
| An sreabhadh airgid (€) | 8 026 311 | 2 095 475 | 14 174 734 | 6 744 880 |
| Innéacs (2016=100) | 100 | 26 | 177 | 84 |
| Infheistíochtaí (€) | 1 070 047 | 3 374 137 | 3 419 199 | 4 322 493 |
| Innéacs (2016=100) | 100 | 315 | 320 | 404 |
| Toradh ar infheistíochtaí | 9 % | 6 % | 37 % | - 9 % |

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(144) Bhunaigh an Coimisiún brabúsacht thionscal an Aontais trí ghlanbhrabús réamhchánach ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Tríd is tríd, bhí an bhrabúsacht íseal agus í ag luainiú timpeall pointe meá-ar-mheá le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ach amháin le haghaidh 2018. Go sonrach, tháinig feabhas ar an mbrabúsacht a bhí ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó 2 % go dtí 6 % nuair a tháinig méadú ar an éileamh ard mar thoradh ar fhás an mhargaidh in earnáil foirgníochta an Aontais agus chomh maith leis sin, nuair a cuireadh ar a gcumas do tháirgeoirí PSC an Aontais na méaduithe ar chostais a bhaineann le slata sreinge a chur ar aghaidh. Thit an bhrabúsacht ansin beagán faoi phointe meá-ar-mheá i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Ba mar thoradh ar an éileamh níos laige ná mar a bhí coinne leis agus ar na praghsanna díola slat sreinge in 2019 a bhí an bhrabúsacht diúltach agus a tháinig laghdú ar phraghsanna díola sa bhliain sin.

(145) Is é cumas thionscal an Aontais a ngníomhaíochtaí féin a fhéinmhaoiniú atá i gceist leis an nglansreabhadh airgid. Tá an glansreabhadh airgid fós deimhneach le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú agus sa dara leath den tréimhse léiríodh brabúsacht sa treocht chéanna, i.e. feabhas mór in 2018 agus tháinig laghdú 16 % air ina dhiaidh sin i dtréimhse imscrúdaithe an athbhreithniúcháin i gcomparáid le tús na tréimhse faoi bhreathnú.

(146) Is léiriú é an méadú faoi cheathair ar infheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar iarrachtaí leanúnacha thionscal an Aontais chun éifeachtúlacht a mhéadú, dul i bhfód ar mhargaí nua agus a bheith iomaíoch i gcónaí ar mhargadh an Aontais agus ar fud an domhain. Bhain na hinfheistíochtaí go príomha le huasghrádú agus athsholáthar na saoráidí táirgthe agus an trealaimh táirgthe.

(147) Léirigh an toradh ar an infheistíocht ó tháirgeadh agus ó dhíol an táirge chomhchosúil an treocht chéanna a bhí ag an mbrabúsacht, agus bhí sin deimhneach do na chéad 3 bliana den tréimhse faoi bhreathnú, rud a mhéadaigh go mór in 2018 go dtí gur éirigh sí diúltach (- 9 %) i dtréimhse imscrúdaithe an athbhreithniúcháin.

4.5.4. *Conclúid maidir le staid thionscal an Aontais*

(148) Léiríodh san imscrúdú go raibh staid an tionscail ar an macraileibhéal cobhsaí, i gcomhréir leis an treocht fhoriomlán tomhaltais atá ag dul i méid go mór (+ 1 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú), a raibh tionchar aige ar an méadú beag ar mhéid táirgthe agus díolacháin thionscal an Aontais.

(149) Léirigh an t-imscrúdú freisin go raibh staid an tionscail ar an micrileibhéal sách deimhneach, cé go bhfuil sé fós leochaileach. Ba dheimhneach an bhrabúsacht agus an sreabhadh airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus níor éirigh an bhrabúsacht diúltach (ach í gar do mhéid meá-ar-mheá go fóill féin) ach i dtréimhse imscrúdaithe an athbhreithniúcháin ach mar gheall ar an éileamh níos ísle ná mar a réamh-mheasadh in earnáil na foirgníochta. Le téarnamh i margadh foirgníochta an Aontais, áfach, táthar ag súil go dtiocfaidh feabhas ar staid thionscal an Aontais.

(150) Dá bhrí sin, níor bhain díobháil do staid eacnamaíoch thionscal an Aontais agus ba é an phríomhchúis leis an staid réasúnta deimhneach go raibh bearta frithdhumpála i bhfeidhm ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón tSín.

(151) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais i dtréimhse imscrúdaithe an athbhreithniúcháin de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

## 5. AN DÓCHÚLACHT GO dTARLÓDH AN DÍOBHÁIL ARÍS

(152) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (151) nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais i dtréimhse imscrúdaithe an athbhreithniúcháin. Mar sin, rinne an Coimisiún tuilleadh scrúduithe ar an dóchúlacht go dtarlódh an díobháil arís arbh iad allmhairí dumpáilte ón tSín ba chúis leis an díobháil i dtosach báire, dá ligfí do na bearta dul in éag.

(153) Rinneadh anailís ar na gnéithe seo a leanas chun an dóchúlacht a shuí go dtarlódh an díobháil arís i gcás ina rachadh na bearta in éag a dhéanamh amach: (a) an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, (b) leibhéil praghsanna is dócha a bheidh ag allmhairí ón tSín in éagmais bearta frithdhumpála agus (c) tarraingteacht mhargadh an Aontais.

### 5.1. An acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín

(154) In ainneoin an tomhaltais shuntasaigh ón tSín, bhí luas an táirgthe (de bhreis agus 233 000 tona) níos mó ná an tomhaltas intíre, rud a chuir níos mó brú ar onnmhairí chuig tríú tíortha dá réir.

(155) Ina theannta sin, is léir go bhfuil ró-acmhainneacht ag an tSín freisin – de réir na faisnéise a chuir an t-iarratasóir ar fáil, bhí aschur bliantúil thart ar 3,6 milliún tona ag an tSín le haghaidh shreanga agus dhuail PSC in 2019 agus meastar go raibh acmhainneacht idir 4,5 milliún agus 5,6 milliún tona ann ([47]). Tá an acmhainneacht táirgeachta bhreise sa tSín (is é sin thart ar 2 mhilliún tona) gan úsáid ar a laghad a trí oiread de mhéid mhargadh an Aontais.

### 5.2. Leibhéil praghsanna is dócha a bheidh ar allmhairí ón tSín in éagmais bearta frithdhumpála agus an tionchar sin ar thionscal an Aontais

(156) In aithris (96) measadh sa deireadh gur dócha go ndéanfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha cainníochtaí móra de shreanga agus duail PSC a onnmhairiú chuig an Aontas dá ligfí do bhearta dul in éag agus gur dócha go ndéanfaí na honnmhairí sin ar phraghsanna dumpáilte.

(157) Is cosúil gur díspreagadh onnmhaireoirí Síneacha in 2009 leanúint de dhumpáil a dtáirgí ar mhargadh an Aontais i méideanna móra agus ar phraghsanna ísle. Mar thoradh air sin, níl ach méideanna beaga allmhairí ón tSín ag teacht isteach san Aontas.

(158) A mhéid a bhaineann leis sin, rinne praghsanna allmhairí na Síne go dtí a bpríomhcheann scríbe onnmhairiúcháin (an Chóiré Theas agus na hOileáin Fhilipíneacha, arb iad tuairim is 40 % de thomhaltas an Aontais iad) a shladghearradh faoi 20,3 % ar phraghas díolacháin thionscal an Aontais. Léiríonn sé sin go bhfuil onnmhaireoirí Síneacha ag atreorú sciar mór dá n-onnmhairí go margaí eile ar leibhéil praghsanna i bhfad níos ísle ná praghas díolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais.

### 5.3. Tarraingteacht mhargadh an Aontais

(159) Mar a luaitear in aithris (97) agus aithris (98), tá margadh an Aontais tarraingteach ó thaobh méide agus leibhéal praghsanna de.

(160) Mar gheall ar mhéid mhór mhargadh an Aontais, neart coibhneasta reatha a airgeadra agus praghsanna níos airde an Aontais i gcomparáid le margaí móra eile tríú tíortha do tháirgeoirí Síneacha, tá an tAontas ina mhargadh an-tarraingteach. Go deimhin, mar gheall ar an gcorrlach ard is dócha a bheidh sladghearrtha agus é ar bhonn idir praghsanna onnmhairiúcháin Síneacha chuig tríú tíortha agus praghsanna thionscal an Aontais, is amhlaidh is tarraingtí margadh an Aontais do tháirgeoirí Síneacha ná margaí móra onnmhairiúcháin eile. Dá ligfí do bhearta dul in éag, d'fhéadfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne onnmhairiú chuig an Aontas ar phraghsanna os cionn na bpraghsanna chuig tríú tíortha ach fós d'fhéadfaidís praghsanna thionscal an Aontais a shladghearradh.

([47]) I gcomhréir leis na figiúirí a leagtar amach i RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2015/865 ÓN gCOIMISIÚN an 4 Meitheamh 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sreang agus dual sreinge réamhstrusála agus iarstrusála áirithe de chruach neamh-chóimhiotail (sreanga agus duail PSC) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle, aithris 46 agus ós rud é gur fhás an acmhainneacht táirgeachta ar an ráta céanna agus a d'fhás an táirgeacht sa tSín.

(161) Thairis sin, mar a luaitear in aithris (95), tá bearta curtha i bhfeidhm i gcoinne allmhairí PSC ón tSín ag margaí móra eile freisin, mar shampla na Stáit Aontaithe, an Bhrasaíl, Ceanada agus an Tuirc. Dá bhrí sin, dá rachadh bearta an Aontais in éag, is é rud a bheadh an tAontas ina mhargadh an-tarraingteach le haghaidh onnmhairí ón tSín.

### 5.4. **Conclúid**

(162) I bhfianaise thorthaí an imscrúdaithe, eadhon acmhainneacht bhreise réamh-mheasta na Síne agus praghsanna na n-onnmhairí ón tSín a bhfuil coinne leo isteach chuig an Aontas, meastar gur dócha go dtarlódh an díobháil arís gan na bearta a leathnú agus go dtiocfadh meath ar chás thionscal an Aontais atá leochaileach go fóill mar gheall ar an méadú is dócha a thiocfadh ar allmhairí Síneacha ar phraghsanna dumpáilte ag sladghearradh phraghsanna díola thionscal an Aontais.

## 6. **LEAS AN AONTAIS**

(163) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú lena fháil amach an mbeadh sé i gcoinne leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí ar bun na bearta frithdhumpála i gcoinne na Síne atá ann cheana. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

(164) Tugadh deis do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl de bhun Airteagal 21(2) den bhun-Rialachán.

(165) Ar an mbonn sin, scrúdaigh an Coimisiún an raibh cúiseanna láidre ann, d'ainneoin na gconclúidí maidir leis an dóchúlacht go dtarlódh an dumpáil arís agus go dtarlódh an díobháil arís, a d'fhágfadh go ndéanfaí an chonclúid nach bhfuil sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun. Meabhraítear gur measadh, san imscrúdú bunaidh, nach raibh glacadh beart i gcoinne leas an Aontais.

### 6.1. **Leas thionscal an Aontais**

(166) Mar a mhínítear in aithris (150), chuir na bearta ar a chumas do thionscal an Aontais a staid mhicreacnamaíoch atá réasúnta deimhneach a chruthú agus a choinneáil ar bun. Tá tionscal an Aontais ag téarnamh agus tá bearta déanta aige chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus tá infheistíocht déanta aige chun a bheith iomaíoch i gcónaí. Mar sin féin, tá an tionscal fós leochaileach, mar atá léirithe leis na leibhéil bhrabúis thart ar leibhéil mheá-ar-mheá mar thoradh ar chumas teoranta na méaduithe ar phraghsanna an amhábhair a chur ar aghaidh agus laghdú ar ghníomhaíocht in earnáil na foirgníochta (a bhfuil luaineacht ard éilimh inti). Dá bhrí sin, dá gcuirfí deireadh leis na bearta, is dócha go dtarlódh díobháil ábhartha arís mar gheall ar allmhairí dumpáilte ar phraghas íseal a thiocfadh isteach i margadh an Aontais, rud a d'fhágfadh go dtiocfadh meath breise ar staid leochaileach thionscal an Aontais.

(167) Dá gcoinneofaí na bearta ar bun, meastar go mbeidh tionscal an Aontais in ann a chuid infheistíochtaí oibriúcháin a réadú, feabhas a chur ar a bhrabúsacht ar deireadh agus an lucht saothair réasúnta mór a chaomhnú.

(168) Dá bhrí sin, dá leanfaí leis na bearta i gcoinne na Síne, rachadh sé chun tairbhe do thionscal an Aontais.

### 6.2. **Leas allmhaireoirí/trádálaithe**

(169) Mar a luaitear in aithris (12), níor tháinig aon allmhaireoir chun cinn tar éis fhoilsiú an fhógra tionscnaimh agus le linn an imscrúdaithe (cás atá cosúil leis an athbhreithniú éaga roimhe seo). Cé nach féidir a chur as an áireamh go raibh drochthionchar ag forchur na mbeart ar a gcuid gníomhaíochtaí, níl allmhaireoirí ag brath ar an tSín agus is féidir leo an táirge atá faoi athbhreithniú a aimsiú ó thíortha soláthair eile amhail an Téalainn agus an Rúis. Dá bhrí sin, is é an chonclúid (cosúil leis an gconclúid ar thángthas uirthi san imscrúdú roimhe seo maidir leis an athbhreithniú éaga) nach bhfuil aon chúiseanna láidre ann ó thaobh na n-allmhaireoirí de gan na bearta atá ann cheana a shíneadh.

6.3. **Leas úsáideoirí**

(170) Níor tháinig aon úsáideoir chun cinn tar éis fhoilsiú an fhógra tionscnaimh agus le linn an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, ní raibh aon chosúlacht ann nach raibh na conclúidí sin bailí a thuilleadh, na conclúidí ar thángthas orthu san imscrúdú deireanach maidir leis an athbhreithniú éaga ([48]) agus dá gcoinneofaí na bearta ar bun gur mhó tionchar diúltach ná tionchar dearfach na mbeart a bheadh ar na húsáideoirí.

6.4. **Conclúid maidir le leas an Aontais**

(171) I bhfianaise an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ann d'aon chúis mhaith ó thaobh leas an Aontais de gan síneadh a chur leis na bearta frithdhumpála atá ann faoi láthair ar allmhairí ón tSín.

7. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(172) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, ba cheart na bearta sin a choinneáil ar bun faoi Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, sin bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí sreang agus dual sreinge réamhstrusála agus iarstrusála áirithe de chruach neamh-chóimhiotail (sreanga agus duail PSC) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, atá infheidhme faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/865, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1382.

(173) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, tá siad infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ní féidir leo tairbhe a bhaint as na rátaí sin agus ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile". Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála.

(174) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí dleachta frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí dá éis sin ainm a heintitis. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([49]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar Rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(175) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe a raibh sé beartaithe ar a mbonn sin a mholadh go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun. Deonaíodh tréimhse dóibh freisin chun uiríll a dhéanamh tar éis dóibh an nochtadh sin a dhéanamh. Fuarthas barúlacha ón iarratasóir faoi raon feidhme na mbeart coimirce a thuairiscítear in aithrisí (177)-(178) thíos.

(176) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ([50]), nuair atá méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart don ús atá le híoc a bheith ar an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach chuig a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

([48]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/865 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sreang agus dual sreinge réamhstrusála agus iarstrusála áirithe de chruach neamh-chóimhiotail (sreanga agus duail PSC) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (IO L 139, 5.6.2015, lch. 12), aithrisí 121-123.

([49]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht H, Rue de la Loi/Wetstraat 170, 1040 Bruxelles/Brussel BELGIQUE/BELGIË.

([50]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(177) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún ([51]), d'fhorchuir an Coimisiún beart coimirce maidir le táirgí áirithe cruach ar feadh tréimhse 3 bliana. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún ([52]), cuireadh síneadh leis an mbeart coimirce go dtí an 30 Meitheamh 2024. Tá an táirge atá faoi athbhreithniú (go sonrach an táirge a thagann faoi chóid AC ex 7217 10 90, ex 7217 20 90) ar cheann de na catagóirí táirgí atá cumhdaithe ag an mbeart coimirce. Dá bhrí sin, a luaithe a sháraítear na taraif-chuótaí arna mbunú faoin mbeart coimirce, bheadh an dleacht taraif-chuóta thuasluaite agus an dleacht frithdhumpála araon iníoctha ar na hallmhairí céanna. Ós rud é go bhféadfaí tionchar a bheith ar an trádáil níos mó ná mar ab inmhianaithe mar gheall ar charnadh beart frithdhumpála le bearta coimirce, chinn an Coimisiún cosc a chur le cur i bhfeidhm comhreathach na dleachta frithdhumpála agus na dleachta taraif-cuóta thuas don táirge atá faoi athbhreithniú ar feadh thréimhse fhorchur na dleachta coimirce.

(178) Ciallaíonn sé sin, i gcás ina dtiocfaidh an dleacht taraif-chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 chun bheith infheidhme maidir leis an táirge atá faoi athbhreithniú agus chun bheith níos airde ná leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála de bhun an Rialacháin seo, nach mbaileofar ach an dleacht taraif-chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159. Le linn na tréimhse ina gcuirtear na dleachtanna coimirce agus frithdhumpála i bhfeidhm i gcomhthráth, cuirfear ar fionraí bailiú na ndleachtanna arna bhforchur de bhun an Rialacháin seo. I gcás ina dtiocfaidh an dleacht taraif-chuóta thuasluaite dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 chun bheith infheidhme maidir leis an táirge atá faoi athbhreithniú agus i gcás ina socrófar í ar leibhéal is ísle ná leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála sa Rialachán seo, baileofar an dleacht taraif-chuóta thuasluaite dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 de bhreis ar an difríocht idir an dleacht sin agus leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála arna bhforchur de bhun an Rialacháin seo. Cuirfear an chuid den mhéid dleachtanna frithdhumpála nár bailíodh ar fionraí.

(179) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

(1) Forchuirfear leis seo dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sreang de chruach neamh-chóimhiotail gan a bheith plátáilte ná brataithe, sreang de chruach neamh-chóimhiotail agus é plátáilte nó brataithe le sinc, agus sreang dhualach de chruach neamh-chóimhiotail, bíodh siad plátáilte nó brataithe nó ná bíodh, nach bhfuil níos mó ná 18 sreang iontu, ina bhfuil, de réir meáchain, 0,6 % nó níos mó de charbón, ag a bhfuil trastomhas trasghearrthach uasta is mó ná 3 mm, a thagann faoi láthair faoi chóid AC ex 7217 10 90, ex 7217 20 90, ex 7312 10 61, ex 7312 10 65 agus ex 7312 10 69 (cóid TARIC 7217 10 90 10, 7217 20 90 10, 7312 10 61 91, 7312 10 65 91 agus 7312 10 69 91) agus iad de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. Duail ghalbhánaithe de sheacht sreang (gan aon ábhar brataithe breise a bheith orthu) inarb ionann trastomhas na sreinge lárnaí agus trastomhas aon cheann de na sé dhual eile, sin nó nach bhfuil an tsreang lárnach os cionn 3 % níos mó ná aon cheann de thrastomhais na sé shreang eile, ní chumhdaítear na duail sin leis an dleacht frithdhumpála chinntitheach.

(2) Is mar a leanas a bheidh na rátaí cinntitheacha maidir le dleacht frithdhumpála is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, a bhí ag na táirgí a bhfuil tuairisc orthu i mír 1 agus arna dtáirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

| Cuideachta | Cód breise TARIC | Dleacht frithdhumpála |
|---|---|---|
| Kiswire Qingdao, Ltd, Qingdao | A899 | 0 % |
| Ossen Innovation Materials Co. Joint Stock Company Ltd, Maanshan, agus Ossen Jiujiang Steel Wire Cable Co. Ltd, Jiujiang | A952 | 31,1 % |
| Gach cuideachta eile | A999 | 46,20 % |

([51]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce chinntitheacha ar allmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27).

([52]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún chun fad a chur leis an mbeart coimirce maidir le hallmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 225 I, 25.6.2021, lch. 1).

(3) Beidh cur i bhfeidhm an dleachtráta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, sonrasc a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn. Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

(4) Chun cosc a chur ar chur i bhfeidhm comhreathach na dleachta frithdhumpála leis an mbeart coimirce arna fhorchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159, i gcás ina dtiocfaidh an dleacht taraif-chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 chun bheith infheidhme maidir leis an táirge atá faoi athbhreithniú agus chun bheith níos airde ná leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála de bhun an Rialacháin seo, ní bhaileofar ach an dleacht taraif-chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159. Le linn na tréimhse ina gcuirtear na dleachtanna coimirce agus frithdhumpála i bhfeidhm i gcomhthráth, cuirfear ar fionraí bailiú na ndleachtanna arna bhforchur de bhun an Rialacháin seo. I gcás ina dtiocfaidh an dleacht taraif-chuóta thuasluaite dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 chun bheith infheidhme maidir leis an táirge atá faoi athbhreithniú agus i gcás ina socrófar í ar leibhéal is ísle ná leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála sa Rialachán seo, baileofar an dleacht taraif-chuóta thuasluaite dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 de bhreis ar an difríocht idir an dleacht sin agus leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála arna bhforchur de bhun an Rialacháin seo. Cuirfear an chuid den mhéid dleachtanna frithdhumpála nár bailíodh ar fionraí.

(5) Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachta custaim.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Meán Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid na cuideachta, agus é san fhormáid seo a leanas, ní mór é a bheith le feiceáil ar an sonrasc tráchtála bailí dá dtagraítear in Airteagal 1(3):

1. Ainm agus feidhm oifigeach na cuideachta a d'eisigh an sonrasc tráchtála.

2. An dearbhú seo a leanas:

   "Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus oifig chláraithe na cuideachta) (cód breise TARIC) [méid] de shreanga agus de dhuail PSC, a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú sa tír seo: (an tír lena mbaineann). Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart".

Dáta agus síniú